Éilítear orm faoi alt 74(6) den Acht ráitis airgeadais an Chiste Comhshaoil a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta teacht ar dhearbhu réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaouis nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna, ar mhírítis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaouis nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé más mar gheall ar chalaouis nó ar earráid, a shainaithe agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a leagan amach agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus aimsím fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an baol atá ann nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaouis níos airde ná an baol atá ann ceann a eascraíonn as earráid a aimsiú, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta leagan amach atá oiriúnach sna cúinsí sin, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafóchta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasafóchta agus na nochtaí gaolmhara.

Déanaim cumarsáid leis an Roinn maidir leis an scóip agus an t-am atá leagtha amach don iniúchadh agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialú inmheánach, i measc nithe eile.

Ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach

Ní chumhdaítear an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais i mo thuairim ar na ráitis airgeadais agus ní thugaim conclúid de chineál ar bith maidir le dearbhú ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar nithe eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith, mura bhfaighim, i mo thuairim

- an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- Mura raibh taifid chuntasafóchta an chomhlachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh,
- Mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasafóchta.

Ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Déantar an fhreagracht sin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na bhfreagrachtaí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú críochnaitheach a chur ar fáil go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go mbíonn idirbhearta údaráithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó ar neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach atá ann an córas um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus chomh éifeachtach is atá an córas.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíochta airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmealta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm maidir le tarmligean mo chuid dualgas i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a roinnt agus córas tarmligthe agus cuntasachta agus go háirithe go bhfuil:

- Córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- An bhainistíocht shinsearach ag déanamh athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí.
- Córas bainistithe riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirínte rialaithe infheistithe caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadal foirmeálta cuí i bhfeidhm.

- An Roinn ag comhlíonadh gach treoirlíne cuí maidir le soláthar agus go bhfuil sí ag comhlíonadh gach ciorclán a bhaineann le húsáid riachtanach na gcomhaontuithe agus na gconarthaí creata.

Iniúchadh Inmheánach

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh agus pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí faighte acu ag an Roinn atá ag feidhmiú de réir chairt scríofa atá ceadaithe. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an Roinn agus bíonn an plan iniúchta inmheánaigh bliantúil, arna cheadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na plananna sin na príomhrialaithe a chlúdach, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta feidhm an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm a chinntíonn go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a leanúint suas.

Arna Shíniú:



Mark Griffin
An tArd-Runai

Dáta:



Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

5. Bunús na gCuntas

Bunaíodh an Ciste Comhshaoil faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú) 2001. Íoctar na fáltais a bhailíonn na hÚdaráis Áitiúla agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ó thobhaigh líonta talún agus málaí plaisteacha isteach sa Chiste. Cuirtear na cistí sin i dtreo ghníomhaíochtaí agus tacaíochtaí comhshaoil.

Tá dhá chuntas bainc agus cuntas infheistíochta ag an gCiste Comhshaoil. Is í an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a bhí ag bainistiú an Chiste in 2017 agus rinneadh na costais riaracháin a bhain leis sin a mhuirearú i Vóta 29, Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha.

Ullmhaíodh an cuntas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i bhfoirm agus ar mhodh atá ceadaithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Ullmhaíodh an cuntas ar bhonn fabhráithe de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

6. Beartas Maoinithe

Déantar an Ciste a mhaoiniú trí fháltais a dhéanann na húdaráis áitiúla agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a lóisteáil i gcuntas bainc na bhfáltas (cuntas Uimh. 1). Déantar an t-iarmhéid sa chuntas bainc sin a aistriú chuig an gcuntas infheistíochta go rialta. Déantar suimeanna atá le híoc as an gCiste Comhshaoil a íoc ó chuntas bainc na suimeanna iníoctha (cuntas uimhir 2). Déantar na cistí riachtanacha a aistriú as an gCuntas Infheistíochta chuig cuntas bainc na suimeanna iníoctha sula ndéantar na híocaíochtaí leis na híocaithe ábhartha.

7. Ioncam

Aithnítear ioncam chuig an gciste mar seo a leanas:

- Tá tobhaigh chomhshaoil ar líonadh talún le dramhaíl bunaithe ar an tonnáiste dramhaíola a chuirtear in áiseanna líonta talún poiblí agus príobháideacha ag rátaí atá socraithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.
- Léiríonn ioncam ó thobhaigh chomhshaoil an tsuim a bailíodh maidir leis an dramhaíl a fágadh idir Eanáir agus mí na Nollag.
- Gearrtar ús ag 0.0322% sa lá ar íocaíochtaí déanacha faoi Alt 13(e) den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011. Tá mainneachtain íocaíochtaí agus íocaíochtaí déanacha oibreoirí príobháideacha faoi réir úis agus déanann údaráis áitiúla iad a in-aisghabháil mar fhiach conartha trí na cúirteanna.
- Is féidir le húdaráis áitiúla suas le 2% (€50,000 ar a mhéad in aghaidh na bliana) a bhaint agus a choinneáil as tobhaigh atá iníoctha maidir le háiseanna líonta talún a oibrítear go príobháideach, agus suas le 80% a bhaint agus a choinneáil as tobhaigh atá iníoctha maidir le háiseanna líonta talún neamhúdaraithe, chun freastal ar na costais a thabhaíonn siad féin chun tobhaigh a fhorfheidhmiú agus a bhailiú.
- Is ionann an t-ioncam ón Tobhach Comhshaoil ar sholáthar málaí plaisteacha agus an tsuim a bhailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim de réir na Rialachán um

Bainistíocht Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach), 2001 (I.R. Uimh. 605/2001) arna leasú leis na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) (Leasú) (Uimh. 2), 2007 (I.R. Uimh. 167/2007).

- Aithnítear fáltais ó infheistíochtaí ar bhonn fabhráithe.

8. Caiteachas

Déantar caiteachas ón gCiste a aithint nuair atá leithdháiltí buiséid ceadaithe ag an Aire in 2017 de réir Alt 74(9) den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 ina sainítear na críocha inar féidir íocaíochtaí a dhéanamh ina leith ón gCiste Comhshaoil agus ar an mbonn seo a leanas maidir leis na réimsí seo:

- Taighde agus Forbairt, riarachán. Nuair is comhlachtaí ceadaithe mar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a éilíonn léithdháiltí buiséadaithe ranníocaíochtaí comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Nuair a chuireann Údaráis Áitiúla agus eagraíochtaí eile éilimh ar aghaidh a chomhlíonann coinníollacha na scéimeanna atá ceadaithe.
- Nuair a chuireann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltacht éilimh ar aghaidh i gcomhréir le téarmaí an chomhaontú seirbhíse, maidir le Tionscadail Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha buiséadaithe.
- Nuair a fhaightear earraí agus seirbhísí.

Aisíoctar costais a thabhaíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil ar sholáthar málaí plaisteacha aontaithe mar a comhaontaíodh faoi chomhaontú oibriúcháin agus seirbhíse le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas

Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	<u>Nótaí</u>	2017	2016
		€	€
<u>Ioncam</u>	1		
Tobhach comhshaoil ar líonadh talún le dramhaíl		37,106,281	48,400,106
Tobhach comhshaoil ar mhálaí plaisteacha		7,280,045	8,733,834
Ús ar infheistíochtaí		21,286	21,362
Ioncam Iomlán		<u>44,407,612</u>	<u>57,155,302</u>
<u>Caiteachas</u>			
Costais taighde agus costais forbartha agus riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (neamhphá)	2	4,900,000	8,502,000
Tionscnaimh forfheidhmithe	3	9,651,419	8,706,130
Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	4	5,471,028	6,406,679
Tionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha	5	3,924,711	3,663,534
An clár um chosc ar dhramhaíl agus an clár náisiúnta um fhorbairt an mhargaidh	6	2,898,695	2,561,698
An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil	7	2,005,000	2,200,000
Feasacht ar an gComhshaoil	8	1,671,445	1,859,857
Tionscnaimh in aghaidh an bhruscair	9	1,290,813	1,031,064
Pleanáil i ndáil le dramhaíl réigiúnach a bhainistiú	10	400,000	373,943
Costais bailiúcháin an tobhaigh comhshaoil	11	397,548	394,091
Rialú truailithe aeir / aeráide	12	523,669	100,869
Eile	13	275,985	225,395
Caiteachas Iomlán	14	<u>33,410,313</u>	<u>36,025,260</u>
Barrachas / (Easnamh) don Bhliain		<u>10,997,299</u>	<u>21,130,042</u>


Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta atá ar Leathanach 3 agus ar Leathanach 4 agus na Nótaí 1 go dtí 20.

Arna Shíniú:



Mark Griffin
An tArd-Runai

Dáta:



Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017

	<u>Nótaí</u>	2017 €	2016 €
<u>Sócmhainní Airgeadais</u>			
Infheistíochtaí	15	40,051,030	24,062,120
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Tobhach ar líonadh talún le dramhaíl	16	1,686,594	7,147,822
Tobhach ar mhálaí plaisteacha	17	2,219,189	2,283,977
Banc	18	103,011	100,273
		<u>4,008,794</u>	<u>9,532,072</u>
<u>Dlíteanais Reatha</u>			
	19		
Costais i ndáil leis an oidhreacht thógtha agus nádúrtha		256,413	618,110
Costais chun dramhaíl a chosc		-	214,300
Ilchreidiúnaithe		17,089	8,179
Costais oibríochta athchúrsála		-	13,432
Caighdeán aeir agus athrú aeráide		39,658	-
Seirbhísí gairmiúla ag siarchoinneáil cánach agus Cáin bhreisluacha		9,194	-
		<u>322,354</u>	<u>854,021</u>
Glan-Sócmhainní Reatha		3,686,440	8,678,051
Glan-Sócmhainní		<u>43,737,470</u>	<u>32,740,171</u>
Arna mhaoiniú ag			
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir (Easnamh) / barrachas don bhliain		32,740,171	11,610,129
		10,997,299	21,130,042
		<u>43,737,470</u>	<u>32,740,171</u>


Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta atá ar Leathanach 3 agus ar Leathanach 4 agus na Nótaí 1 go dtí 20.

Arna Shíniú:



Mark Griffin
An tArd-Runai

Dáta:



Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	2017 €	2016 €
Réiteach ar bharrachas chuig an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta		
(Easnamh) / barrachas don bhliain	10,997,299	21,130,042
Ús tuillte ar thaisc	(21,286)	(21,362)
(Méadú) / laghdú ar thobhaigh atá dlite agus fiachas ón Vóta	5,526,016	(156,882)
Méadú / (laghdú) ar speansais fhabhráithe	(531,667)	712,601
Glan (eis-sreabhadh) / insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	<u>15,970,362</u>	<u>21,664,399</u>
Ráiteas faoi shreabhadh airgid		
Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadais	15,970,362	21,664,399
Aischiú ar infheistíochtaí agus seirbhísí airgeadais		
Ús tuillte	21,286	21,362
	<u>15,991,648</u>	<u>21,685,761</u>
Réiteach ar an nglan-sreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí		
Athruithe ar ghlan-chistí mar thoradh ar shreafaí airgid		
Glan-chistí ag tús na bliana	24,162,393	2,476,632
Glan-chistí ag deireadh na bliana	40,154,041	24,162,393
Méadú / (laghdú) ar airgead tirim sa bhliain	<u>15,991,648</u>	<u>21,685,761</u>


Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta atá ar Leathanach 3 agus ar Leathanach 4 agus na Nótaí 1 go dtí 20.

Arna Shíniú:



Mark Griffin
An tArd-Runai

Dáta:



Nótaí leis na Cuntais

1. Ioncam

Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún le Dramhaíl (37,106,281)

Is é seo an Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún le Dramhaíl a fhaightear ó Údaráis Áitiúla, glan ó aon suimeanna a choimeádann siad faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) 2011. Déantar achoimre air sin mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Líonta Talún arna nOibriú go Príobháideach		
Tobhach ar líonadh talún le dramhaíl	29,035,301	38,823,326
Ús i leith íocaíochtaí déanacha	6,016	5,832
Costais riaracháin Údarás Áitiúil	(150,000)	(150,000)
	<u>28,891,317</u>	<u>38,679,158</u>
Líonta Talún arna nOibriú ag Údaráis Áitiúla		
Tobhach ar líonadh talún le dramhaíl	8,212,904	9,719,897
Ús i leith íocaíochtaí déanacha	-	931
	<u>8,212,904</u>	<u>9,720,828</u>
Líonta Talún Neamhúdaraithe		
Tobhach ar líonadh talún le dramhaíl	10,780	840
Costais riaracháin Údarás Áitiúil	(8,720)	(720)
	<u>2,060</u>	<u>120</u>
	<u>37,106,281</u>	<u>48,400,106</u>

Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha (7,280,045)

Is Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha, a fhaightear ó na Coimisinéirí Ioncaim, i leith an ioncaim a bhailítear ar mhálaí plaisteacha a dhíol.

Ús ar Infheistíochtaí (€21,286)

Is é seo an t-ús a thuilltear ar an infheistíocht ar fháltais an Tobhaigh ar Líonadh Talún agus ar fháltais an Tobhaigh ar Mhálaí Plaisteacha sa Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

2. Costais Taighde agus Forbartha agus Costais Riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Neamhphá)

Is ranníocaíocht í seo i dtreo na gcostas a thabhaigh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i ndáil le taighde agus forbairt agus riarachán (neamhphá).

	2017	2016
	€	€
Taighde agus forbairt	-	3,602,000
Costais riaracháin - neamhphá	4,900,000	4,900,000
	<u>4,900,000</u>	<u>8,502,000</u>

3. Tionscnaimh Forfheidhmithe

Cuireadh maoiniú forfheidhmithe €9.651 milliún ar fáil ón gCiste Comhshaoil in 2017 chun:

- Tacú le fostaíocht leanúnach an líonra d'oifigigh forfheidhmithe dramhaíola údarás áitiúil agus tuilleadh díobh a earcú faoi Scéim na mBeart Forfheidhmithe de chuid na nÚdarás Áitiúil - €7.228 milliún (€7.316 milliún in 2016).
- Tacú le hobair na bPríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) - €0.88 milliún (€0.86 milliún in 2016).

Áirítear ar mhaoiniú forfheidhmithe eile in 2017 tacaíocht a chur ar fáil d'Údarás Áitiúla aonair i ndáil le gníomhartha forfheidhmithe dramhaíola in aghaidh oibreoirí neamhdhleathacha dramhaíola ar mhórscála a bhfuil amhras fúthu (0.287 milliún)

Áirítear faoin gceannnteideal seo chomh maith €1.257 milliún de chaiteachas a tabhaíodh in 2017 a bhain le Tionscnaimh in aghaidh Dumpála, scéim nua a forbraíodh in 2017.

4. Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Léiríonn an figiúr seo ranníocaíochtaí éigeantacha agus deonacha náisiúnta na hÉireann le heagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an gcomhshaoil a chosaint. Déantar achoimre orthu mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Eagraíochtaí idirnáisiúnta meitéareolaíochta	4,238,714	4,736,176
Beartas radaíochta comhshaoil	1,232,314	1,522,648
Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC)	-	139,855
Coinbhinsiún Aarhus maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil	-	5,000
Prótacal maidir le scaoileadh agus aistriú truailleán	-	3,000
	<u>5,471,028</u>	<u>6,406,679</u>

5. Tionscadail Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha

Baineann an caiteachas seo leis an aisíocaíocht ar chostais a thabhaigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta (DCHG) ar Thionscadail Oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha. Tá sé deimhnithe ag an Roinn go bhfuil na costais sin i gcomhréir leis an reachtaíocht faoinar bunaíodh an Ciste.

	2017	2016
	€	€
Tionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha	3,924,711	3,663,534

6. An clár um Chosc ar Dhramhaíl agus an Clár Náisiúnta um Fhorbairt an Mhargaidh

Déantar achoimre ar an gcaiteachas faoin gceanteideal seo mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
An clár náisiúnta um chosc ar dhramhaíl	2,637,129	2,264,300
An clár náisiúnta um forbairt an mhargaidh	-	19,610
An straitéis náisiúnta ar dhramhaíl in-bhithmhíllte	200,000	250,000
Feachtas oideachais agus feasachta maidir le dramhaíl tí	-	27,788
Íoc de réir meáchain a chur i bhfeidhm ag saoráidí conláiste cathartha	61,566	-
	<u>2,898,695</u>	<u>2,561,698</u>

7. An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil

Tacaíonn an maoiniú seo le gníomhaíochtaí laistigh den Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil lena n-áirítear líonrú agus tacaíocht. Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le forfheidhmiú leanúnach na hÉireann i leith reachtaíocht comhshaoil an AE agus na hÉireann.

8. Feasacht ar an gComhshaoil

Léiríonn an figiúr seo an méid a caitheadh ar fheasacht ar an gcomhshaoil a ardú agus ar forbairt acmhainne na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil (ENGO). Déantar achoimre air sin mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Croímhaoiniú / maoiniú acmhainne agus tionscadail líonra comhshaoil na hÉireann (EENGO)	860,000	825,000
Ciste áitiúil comhpháirtíocht comhshaoil chlár 21	441,815	388,646
Cúnamh deontais		
Scoileanna glasa	200,000	190,000
Seirbhís dhigiteach ENFO	20,000	20,000
Gradam Comhshaoil Óg	10,000	10,000
Biúró comhshaoil na hEorpa	10,000	10,000
Dámhachtainí glasa	7,500	7,500

Feachtais feasachta sheachtracha	-	5,000
Feachtas <i>Ballymun Life / WISER life</i>	-	250,000
Stáisiún Mara Inis Arcáin	-	1,500
<i>Voice of Ireland Concern for the Environment</i>	-	10,999
Grúpa oiliúna seirbhísí comhshaoil	100,000	130,572
Sainghrúpa ad hoc Aarhus	-	5,600
Feasacht ar Aarhus	16,295	-
Fógraíocht	5,835	4,732
Priontáil agus foilsitheoireacht	-	308
	1,671,445	1,859,857

9. Tionscnaimh in Aghaidh an Bhruscair

Léiríonn an figiúr seo caiteachas ar réimse tionscnamh lena n-áirítear:

	2017	2016
	€	€
Deontais fheachtais in aghaidh an bhruscair na nUdarás Áitiúil	979,871	773,987
Glantachán Náisiúnta Earraigh	223,177	168,000
Córas náisiúnta monatóireachta maidir le truailliú ó bhruscar	47,765	49,077
Sraith náisiúnta an bhruscair de chuid ghnó na hÉireann in aghaidh an bhruscair	40,000	40,000
	1,290,813	1,031,064

10. Pleanáil i ndáil le Dramhaíl Réigiúnach a Bhainistiú

Léiríonn an figiúr seo íocaíochtaí a rinneadh in 2017 chun tacú leis an trí Phríomhúdarás Pleanála i ndáil le Dramhaíl Réigiúnach a Bhainistiú, a bunaíodh chun comhordú agus cur i bhfeidhm na dtrí Phlean Bainistithe Dramhaíola 2015-2021 a mhaoirsiú, a foilsíodh i mBealtaine 2015, agus chun tacú le bailiúcháin dramhaíola guaise aon lae amháin ó shealbhóirí tí.

	2017	2016
	€	€
Deontas d'oifigí pleanála i ndáil le dramhaíl réigiúnach a bhainistiú	300,000	300,000
Bailiúcháin dramhaíola guaise aon lae amháin	100,000	73,943
	400,000	373,943

11. Costais Bailiúcháin an Tobhaigh Comhshaoil

Léiríonn an figiúr seo an táille seirbhíse bliantúil atá aontaithe le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun an Tobhach Comhshaoil ar sholáthar málaí plaisteacha a oibriú.

12. Rialú Truailithe Aeir / Aeráide

Léiríonn an figiúr seo an caiteachas a tabhaíodh i ndáil leis an mbeartas ar athrú aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chomh maith leis maoiniú a cuireadh i dtreo bearta a bhí dírithe ar thruailliú ó thorann agus ar thruailliú aeir a laghdú. Déantar achoimre air sin mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Athrú aeráide	256,981	22,488
Truailliú aeir / truailliú ó thorann a rialú	266,688	78,381
	523,669	100,869

13. Eile

Léiríonn an figiúr seo caiteachas ar thionscnaimh éagsúla eile agus déantar achoimre orthu mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
Athbhrandáil aonfhoirmeach na n-ionad fóntas poiblí agus na n-ionad fág anseo	110,000	-
An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta	87,010	50,470
Bailte slachtmhara	-	21,260
Inbhuanaitheacht Idirnáisiúnta Chomhshaoil	62,096	60,000
Tionscnaimh um Fhreagracht ar an Táirgeoir	14,500	63,400
Athchóiriú ar rialú dramhaíola tí	-	13,431
Tionscnaimh trasteorann	-	2,079
Sábháilteacht núicléach	-	14,755
Muirir Bhainc	2,379	-
	275,985	225,395

14. Caiteachas Iomlán

Is féidir achoimre a dhéanamh ar chaiteachas iomlán an Chiste mar seo a leanas:

	2017	2016
	€	€
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	9,558,494	12,815,302
Cláir agus tionscnaimh Údarás Áitiúil	11,985,582	10,741,678
Ranníocaíochtaí le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	5,471,028	6,406,679
Tionscadail oidhreachta tógtha agus nádúrtha	3,924,711	3,663,534
Eile	2,470,498	2,398,067
	33,410,313	36,025,260

15. Infheistíochtaí

Coinnítear na cistí thíos i gcuntas infheistíochta leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe

	2017	2016
	€	€
Infheistíochtaí	40,051,030	24,062,120

16. Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún le Dramhaíl

Is mar seo a leanas na suimeanna atá le híoc ag Údaráis Áitiúla leis an gCiste amhail an 31 Nollaig:

	2017	2016
	€	€
Tobhach ar líonta talún arna n-oibriú go príobháideach	1,172,166	6,384,256
Ús i leith íocaíochtaí déanacha	9,193	4,781
	<u>1,181,359</u>	<u>6,389,037</u>
Tobhach ar líonta talún arna nOibriú ag Údaráis Áitiúla	503,235	758,665
Ús i leith íocaíochtaí déanacha	-	-
	<u>503,235</u>	<u>758,665</u>
Tobhach ar líonta talún neamhúdaraithe	2,000	120
	<u>1,686,594</u>	<u>7,147,822</u>

17. Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha

Is é seo glandliteanas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim chuig an gCiste amhail an 31 Nollaig.

	2017	2016
	€	€
Ioncam atá dlite ón Tobhach ar Mhálaí Plaisteacha	2,219,189	2,283,977
	<u>2,219,189</u>	<u>2,283,977</u>

18. Banc

Léiríonn seo an t-iarmhéid i gcuntais bhainc an Chiste (Cuntas Fáltais Uimh. 1 agus Cuntas Íocaíochtaí Uimh. 2) amhail an 31 Nollaig:

	2017	2016
	€	€
Iarmhéid an chuntais fáltais	100,000	100,000
Iarmhéid an chuntais íocaíochtaí	3,011	178
Móide an aisíocaíocht atá dlite	-	95
	<u>103,011</u>	<u>100,273</u>

19. Dlíteanais Reatha

Is mar seo a leanas a bhí na speansais fhabhráithe amhail an 31 Nollaig:

	2017	2016
	€	€
Tionscadail oidhreachta agus thógtha na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	256,413	618,110
Costais comhairleoireachta a bhaineann leis an gCóras Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar	7,852	8,179
Seirbhísí gairmiúla ag siarchoinneáil cánach agus cáin bhreisluacha	9,194	-
Costais oibríochta athchúrsála	-	13,432
Costais a bhaineann le caighdeán aeir agus athrú aeráide	39,658	-
Costais a bhaineann le dramháil a chosc	-	214,300
Ilchreidiúnaithe	9,237	-
	<u>322,354</u>	<u>854,021</u>

20. Tiomantais

Is mar seo a leanas a bhí tiomantais amhail an 31 Nollaig:

	2017	2016
	€	€
Tionscnaimh i ndáil le beartais dramhaíola	-	650,000
Tionscadail oidhreachta agus thógtha na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta	581,345	587,192
Bailte slachtmhara	-	43,740
	<u>581,345</u>	<u>1,280,932</u>